

SEACHTAIN
NÁISIÚNTA
OIDHREACHTA
19-27 LÚNASA



TÁ SÉ
I DO NÁDÚR

HERITAGEWEEK.IE

#HERITAGEWEEK



MOLADH D'IMEACHTAÍ



Beidh Seachtain Náisiúnta Oidhreachta 2017 ar siúl ón 19-27 Lúnasa agus i mbliana cuideoidimid le níos mó daoine foghlaim faoi dhúlra na hÉireann agus sult a bhaint as.

Ó thuais ar an bhfiadhúlra uirbeach go siúlóidí sealgaireachta go hóstáin bheach a thógáil, baineann Seachtain Oidhreachta 2017 le bheith gníomhach, spraoi a bheith agat agus le bheith páirteach inár n-oidhrecht nádúrtha.

Arna comhordú ag an gComhairle Oidhreachta, is í Seachtain Náisiúnta Oidhreachta an t-imeacht cultúrtha is mó a bhfuil tóir air in Éirinn agus i mbliana táthar ag súil le níos mó ná **450,000 duine** páirt a ghlacadh in os cionn **2,000 imeacht oidhreachta**. Tá an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta ina cuid de Laethanta Oidhreachta na hEorpa ina gcuirtear chun cinn oidhrecht chultúrtha choiteann na hEorpa.

Tarraingeoidh an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta aird ar na dúshláin ar ár gcomhshaoil nádúrtha ach chomh maith leis sin tarraingeoidh sí aird ar cad is féidir linn a dhéanamh chun é a chaomhnú. Le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta spreagtar gach duine le páirt a ghlacadh agus difear a dhéanamh.

An dteastaíonn uait páirt a ghlacadh mar eagraí imeachta? Tá sé chomh éasca le 1, 2, 3.

- 1 Roghnaigh d'imeacht ón liosta seo nó smaoinigh ar mholadh d'imeacht de do chuid féin.
- 2 Tabhair cuairt ar heritageweek.ie chun foghlaim faoi d'imeacht a phleanáil agus a chur chun cinn.
- 3 Cláraigh d'imeacht ag heritageweek.ie ón 2 Bealtaine 2017 i leith.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council




Fáilte Ireland

DO

THAISCEALAITHE

- 1 Pleanáil turas ar an bhfiadhúla uirbeach. Amharc ar fhaoileáin, madraí rua, colúir, agus luchóga móra fiú ar bhealach difriúil!
- 2 **Gabh ar thuras rothaíochta. Úsáid scéim rothar cathrach má tá ceann ar fáil chun daoine nach bhfuil rothair acu a spreagadh.** 
- 3 Pleanáil siúl nó babhta rothaíochta treoraithe feadh ceann de ghlasbhealaí áille na hÉireann.
- 4 Tabhair grúpa leat ar thuras treoraithe siúlóireachta ar **pháirc náisiúnta**.
- 5 Tabhair cuairt ar **Anaclann Dúlra i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta** gar duit.
- 6 Cruthaigh ócáid ghlantacháin féiníní. Ullmhaigh liosta de na grianghraif a chaitheadh na rannpháirtithe a thabhairt leo e.g. le crann darach, le seilide etc.
- 7 Eagraigh turas grúpa chuig súiomh (sábháilte) snámha san fhiántas ag an bhfarraige, abhainn nó loch.
- 8 **Is féidir le daoine a éiríonn go luath ar maidin siúlóide éirí na gréine a eagrú chun éisteacht le ceiliúr na camhaoire.** 
- 9 Faigh amach faoi ialtóga, ulchabháin, leamhain, réaltoireacht etc. ar shiúlóid oíche.
- 10 Cruthaigh turas 'Rúin de chuid ...' Díriú ar fhíricí agus ar áiteanna nach bhfuil mórán eolais fúthu cheana.

- 11 Tabhair grúpa leat ar thuras treoraithe reatha. Féach cá mhéad éan is féidir leat a fheiceáil ar an mbealach!
- 12 Lean abhainn nó canáil ó bhaile amháin go dtí baile eile agus déan iniúchadh ar an stair agus an dúlra feadh an bhealaigh.
- 13 **Déan iniúchadh ar ár gcósta agus tabhair cuairt ar cheann de na céadta oileán ar fud na hÉireann ar thuras báid.** 
- 14 Pleanáil lá ar **an bportach**. Tá beagnach 150 portach ardaithe agus bratphortach faoi chosaint in Éirinn.
- 15 Eagraigh turas canúna nó cadhcanna nó SUP ar an bhfarraige, aibhneacha nó canálacha.
- 16 **Gabh ar thuras siúil thart ar an gcósta. Déan iniúchadh ar locháin charraige agus ar dhumhcha.** 

- 17 Pleanáil oíche réalteolaíochta.
- 18 Féach cá mhéad **bláth fiáin** ar féidir leat teacht orthu agus a aithint ar shiúlóid bláthanna fiáine.
- 19 Déan iniúchadh ar cad atá sna fála sreach ar shiúlóid fála.
- 20 **Pleanáil tóraíocht bumbóg. An raibh a fhios agat go bhfuil 20 speiceas bumbóige in Éirinn?** 

21 **Tóg boscaí éan nó boscaí ialtóg ag ceardlann.** 

22 Cruthaigh **gairdín féileacán** i do phobal. Bíodh deireadh seachtaine d'obair dheonach agat chun an gairdín a thochailt, rudaí a chur ann agus é a mhaisiú.

23 Eagraigh ceardlann cniotála chun scileanna a fhoghlaim agus cniotáil radharc den fhiadhúla áitiúil.

24 Péinteáil múrphictiúr bithéagsúlachta i do bhaile. Labhair le do chomhairle áitiúil, scoileanna nó gnólachtaí áitiúla chun balla oiriúnach a fháil.

25 Eagraigh lá glantacháin do do cheantar thart ar shéadchomhartha, stráice abhann etc.

26 Glac páirt i **Scéim Monatóireachta ar Bhumbóga**. Taifead bumbóga feadh siúlóid bealaigh shocraithe 1-2 km de do rogha féin uair amháin sa mhí ó Mhárta go Deireadh Fómhair. Bíodh sé mar aidhm agat an líon daoine is mó riamh a bheith ag siúlóid na Seachtaine Oidhreachta.


27 **Tóg óstán beach nó óstán feithidí.** 

28 Déan cuilt fhíosála. Iarr ar dhaoine sa phobal cearnóg amháin an duine a dhéanamh bunaithe ar ainmhí difriúil. Iarr ar ghrúpaí éagsúla páirt a ghlacadh ann etc. scoileanna, Gasóga, ICA etc.

29 Eagraigh taispeántas beachaireachta le do **ghrúpa áitiúil beachaireachta**.

30 **Bith-blitz**. Bain úsáid as léarscáileanna agus bileog seiceála speiceas chun suirbhé a dhéanamh ar an méid speiceas plandaí, feithidí, éan agus ainmhithe is féidir a aimsiú i do cheantar.

31 Pleanáil ceardlann grianghraif dúlra agus siúlóid grianghraif ina dhiaidh sin.

32 Eagraigh taispeántais agus ceardlanna ceardaíochta e.g. tuadóireacht, **leagan fála sreach, tógáil ballaí láibe**. 


33 **Tabhair saineolaí oidhreachta agus ealaíontóir le chéile chun turas sceitseála a thionól.**

34 Pleanáil oíche Spéartha Dorcha i do bhaile nó i do shráidbhaile agus cuir oiliúint ar dhaoine faoi **thruailliú soilse**.

35 Eagraigh ceardlann ar **shiolta bláthanna fiáine** a bhailiú agus a stóráil.

36 **Aithin a mhéad crann** is féidir leat i gceantar áirithe laistigh de 30 nóiméad.

37 Pleanáil turas geolaíochta chuig ceann den chuid mhór **láithreán geolaíochta** suimiúil in Éirinn.

38 **Tionóil Scoil Foraoise. Foghlaim scileanna chun teacht slán, ceardaíocht adhmaid agus conas plandaí agus ainmhithe a aithint.** 

39 Cruthaigh conair dhúlra fhéintreoraithe ar pháipear nó taifead é mar phodchraoladh.

40 Eagraigh siúlóid sealgaireachta agus ceardlann cócaireachta ina dhiaidh sin. Déan cinnte go bhfuil saineolaí páirteach d'aithint!

DO

GNÍOMHAITHE





DO SMAOINTEOIRÍ

41 Tabhair le chéile painéal staraithe, eolaithe, fealsamh, agus éiceolaithe chun plé a dhéanann faoi luach an dúlra.



42 Pleanáil plé ar chaidreamh na hÉireann leis an dúlra leis na blianta.

43 Tionóil seimineár ar aithint éan, plandaí, feithidí etc.

44 Iarr ar éiceolaithe, staraithe áitiúla nó ar acadóirí ón ollscoil is gaire duit caint a thabhairt.

45 Déan iniúchadh ar stair na gcrann in Éirinn agus a suntasacht sa reiligiún agus sa bhéaloideas.

46 Déan iniúchadh ar ainmhithe Éireannacha nach bhfuil mórán eolais fúthu e.g. luchta codlamáin nó laghairteanna i gcaint nó i dtaispeántas.



47 Tionóil plé painéal ar an mbithéagsúlacht agus ar fheirmeoireacht.

48 Labhair faoi níos mó bithéagsúlachta a chruthú i do ghairdín.

49 Réachtáil quiz fiadhúlra bunaithe ar an bhfiadhúlra i do cheantar áitiúil.

50 Éist leis an dúlra. Cruthaigh taispeántas fuaime de ghlaonna an fhiadhúlra.

51 Cruthaigh taispeántas mír aníos faoin bhfiadhúlra áitiúil.

52 Eagraigh tráthnóna ag féachaint ar an dóigh ar spreag an dúlra scríbhneoirí filíochta agus próis.

53 Tabhair cuireadh do do stáisiún raidió áitiúil chun seó speisialta a thairfeadh don tSeachtain Oidhreachta le cainteoirí, ceol agus comhrá ag ionad oidhreachta.

54 Eagraigh caint Seachtaine Oidhreachta i do láthair oibre. An féidir leat gnólacht a chuidíonn le pailneoirí a dhéanamh de do ghnólacht?

55 Labhair faoin dóigh ar féidir le daoine aonair feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht agus iad ina gcónaí in árasán.



56 Labhair le do leabharlann áitiúil nó láithreán oidhreachta chun d'imeacht a chomhóstáil.

57 Eagraigh caint i suíomh neamhchoitianta. Caisleán, teach solais nó uaimh fiú!

58 Déan iniúchadh ar na naisc idir dúlra na hÉireann agus an béaloideas trí chaint nó trí thaispeántas.

59 Réachtáil comórtas grianghraf nó ealaíne ar an téama Dúlra. Iarr ar an bpobal a saothar ealaíne a chur isteach roimh ré. Iarr ar do pháipéar nuachtáin áitiúil ainm na mbuaiteoirí a phriontáil.

60 Eagraigh cruinniú gnólachtaí agus grúpaí áitiúla le breathnú ar cad is féidir libh a dhéanamh mar phobal chun tacú leis an dúlra etc. club CLG, club gailf, gnólachtaí.

61 Cruthaigh sealgaireacht dúlra ag baint úsáid as leathanach flóraí agus fánaí áitiúla agus is féidir leis na páistí tic a chur le bosca de réir mar a aimsíonn siad iad. Nó lig dóibh triail a bhaint as an **quiz seo**.

62 Gabh ar fiáin sa choill agus foghlaim faoin dúlra ar thuras campála teaghlaigh.



63 Eagraigh turas scútar. Spreag páistí lena scútaí féin a thabhairt leo ionas gur féidir leat achair níos faide a thaisteal.

64 Cruthaigh mionsamhalacha lánléargais dúlra bosca bróg le duilleoga, caonaigh agus rudaí nádúrtha eile a aimseofar.

65 Spreag páistí le bheith ina mbleachtairí dúlra. Beidh orthu leideanna a réiteach le chéile ar a gcuairt ar choill, ar thrá etc.

66 Tabhair páistí ag tumadh sa loch – cuir eangai agus buicéid ar fáil agus aithin na rudaí a aimseofar.



67 Pleanáil tóraíocht duilleog. Feic cá mhéad duilleog éagsúil a mbeidh na páistí ábalta teacht orthu agus cruthaigh cuimilteáin duilleoige.

68 Oibrigh le healaíontóir chun ceardlann líniachta fiadhúlra a réachtáil.

69 Pleanáil ceardlanna ceardáíochta simplí dúlra e.g. déan **tirdhreach** nó teachín éan mír aníos.

70 Iarr ar do leabharlann áitiúil taispeántas leabhar faoin Dúlra a dhéanamh agus maidin seanchais a thionól.



71 Eagraigh comórtas tógála Lego. Déan ainmhithe dúchasach de chuid na hÉireann.

72 Réachtáil comórtas ealaíne do pháistí agus críochnaigh é le taispeántas le linn na Seachtaine Oidhreachta.

73 Tóg gairdín súgartha, spás speisialta do pháistí amháin chun é a thochailt agus rudaí a chur ann.

74 Priontáil amach comórtas dathadóireachta do pháistí níos óige.

75 Cruthaigh conair dorais sí nó úsáid ceann atá ann cheana mar bhealach le haghaidh siúlóid choillearnaigh.

76 Óstáil comórtas bréigéide ina mbeidh duaiseanna don éide dhúlra is fearr.

77 Éist leis an dúlra. Spreag páistí le fuaimeanna dúlra a aithin ar shiúlóid dúlra.

78 Réachtáil picnic teidithe i bpáirc nó i gcoillearnach.



79 Tabhair leat gloiní formhéadúcháin agus bileoga aitheantais do shealgaireacht beithíoch beag.

80 Pleanáil tóraíocht taisce. Ullmhaigh liosta míreanna e.g. crann darach, caisearbhán etc.



Is é Dé Céadaoin an 23 Lúnasa Lá na Fiáine atá tiomanta do pháistí gach uile áit...pleanáil imeachtaí speisialta do dhaoine óga ar an lá seo!

DO THEAGHLAIGH



DO GACH DUINE

81 Tá an tSeachtain Oidhreachta ina cuid de **Laethanta Oidhreachta na hEorpa**. Tar le chéile le grúpaí oidhreachta i dtíortha eile agus féach an bhfuil scóip ann le hoibriú le chéile ar thionscadail ó éin imirceacha roinnte go stair ar thrádáil lena chéile.

82 Pleanáil oíche **Spéartha Dorcha** i do bhaile nó i do shráidbhaile. Spreag gach duine a soilse a chasadh as agus dul ag réaltóireacht!

83 Déan pobail a chuidíonn le pailneoirí de do phobal. Glac na **10 ndúshlán pailneoirí**.

84 Cuir fáilte roimh gach duine le himeachtaí cathaoireacha rotha, teanga comharthaíochta nó imeachtaí a oireann do **dhaoine a bhfuil uathachas orthu**.

85 Iarr ar mhic léinn teanga do thurais a dhéanamh i dteangacha eile.

86 Pleanáil imeachtaí am lóin le go mbeidh oibríthe oifige ábalta freastal orthu.

87 Tar ar lucht éisteachta/féachana úr ag a bhfuil ceangail shuimiúla e.g. surfálaithe agus caomhnú muirí, tógálaithe agus caomhnú ialtóg, galfairí agus dumhcha.



88 Tabhair an tSeachtain Oidhreachta chucu siúd nach féidir teacht chuici e.g. imeachtaí i dtithe scoir.

89 Iarr ar ghnólachtaí áitiúla urraíocht a thabhairt d'imeachtaí, a gcartlanna a chur ar fáil nó turais speisialta ar a bhfoirgnimh nó a dtailte a cheadú.

90 Ceiliúir gné amháin den dúlra atá tábhachtach do do phobal e.g. an abhainn nó seanchrann.

91 Cruthaigh conair dúlra thart ar do cheantar áitiúil.

92 Nuair is féidir déan iarracht d'imeacht a dhéanamh inrochtana do chathaoireacha rotha.

93 Eagraigh féile ina ndéanfar an dúlra i do cheantar áitiúil a cheiliúradh.

94 Pleanáil conair aghaidheanna siopaí. Iarr ar shiopadóirí iniúchadh a dhéanamh ar stair a ghnó le taispeántas fuinneoige e.g. d'fhéadfadh ceimiceoir seanbhuidéil, mórleabhair agus fógraí a chur ar taispeáint.

95 Eagraigh picnic phobail sa pháirc.



96 Spreag daoine le plandaí nach dteastaíonn uathu a thabhairt chuig malartú plandaí.

97 Faigh eagraithe imeachta eile i do cheantar agus oibrigh le chéile e.g. Bailte Slachtmhara nó Botháin Fear.

98 Cruthaigh acmhainn úr ar líne le cuidiú ó do phobal e.g. bunachar sonraí ar líne ina mbeidh an fiadhúlra áitiúil, ainmneacha réimsí nó grianghraif.

99 Scríobh dráma agus faigh grúpaí pobail áitiúla le bheith páirteach ina léiriú.

100 Oibrigh le baile comharsanachta chun siúlóid dúlra a eagrú idir do dhá bhaile. Níos fearr arís, roghnaigh baile ar an taobh eile de chnoc nó de choillearnach, déan dúshlán de!

SEACHTAIN
NÁISIÚNTA
OIDHREACHTA
19-27 LÚNASA



TÁ SÉ
I DO NÁDÚR

HERITAGEWEEK.IE

#HERITAGEWEEK

